

## *Bóthar an fheasa*

Tá traidisiún fada ag muintir na hÉireann dul thar lear chun bheith ag staidéar. Bunaíodh coláistí Caitliceacha d'Éireannaigh ar fud na hEorpa chomh fada siar leis an 16ú haois. Sa lá atá inniu ann, a bhúiochas ar chlár Erasmus, tá an deis ag mic léinn ó Éirinn agus ó gach cearn den Eoraip dul go dtí tír eile chun bheith ag staidéar.

Tionscadal de chuid an Aontais Eorpaigh is ea clár Erasmus atá ar an bhfód anois le 23 bliain. Faoin gclár seo, féadfaidh mic léinn ollscoile freastal, ar feadh tréimhse idir 3 agus 12 mhí, ar institiúid ardoideachais in aon cheann de na 33 tír atá páirteach sa chlár. Ina theannta sin, tugtar an deis d'fhoirne oiliúna institiúidí ardoideachais múineadh in institiúidí eile ar mhaithe lena gcuid saineolais a roinnt agus chun a dtaithe féin a leathnú. Ainmníodh clár Erasmus as Desiderius Erasmus, fealsamh Ollannach a thaistil ar fud na hEorpa chun cur lena chuid eolais agus oideachais féin. Ar an mbealach céanna, tá sé mar aidhm ag clár Erasmus soghluaisteacht a spreagadh i measc mhic léinn na hEorpa chun go bhféadfaidís a gcuid scileanna a fhorbairt agus a fheabhsú.

Bíonn thart ar 200,000 mac léinn páirteach sa chlár seo gach bliain. Deis iontach acu é barr feabhais a chur ar an ábhar staidéir atá idir lámha acu. D'fhéadfaidís, mar shampla, seans a fháil freastal ar ollscoil ina bhfuil sár-acmhainní taighde agus nuálaíochta. Deis é freisin teanga nua a fhoghlaim nó feabhas a chur ar scileanna teanga, rud a chabhródh go mór le mic léinn agus iad ag lorg oibre tar éis na céime. Tá buntáistí móra eile leis an gclár, go háirithe ó thaobh fhorbairt phearsanta na mac léinn de. Faigheann na mic léinn léargas ar chultúir éagsúla agus cothaítear neamhspleáchas agus féinmhuinín iontu.

Ó thaobh na n-institiúidí de, cabhraíonn clár Erasmus chun comhoibriú a chothú idir institiúidí ardoideachais ar fud ilchríoch na hEorpa. Tá an tAontas Eorpach anois ag iarraidh Limistéar Ardoideachais Eorpach a chruthú trí na naisc idir na córais oiliúna sna tíortha éagsúla a dhaingniú.

Tá an t-ádh linn mar shaoránaigh de chuid na hEorpa go bhfuil fáil againn ar dheiseanna agus ar áiseanna oideachais den scoth, ní hamháin inár dtír féin ach i dtíortha éagsúla ar fud na hEorpa. Ba chóir dúinn gach iarracht a dhéanamh tairbhe a bhaint as na deiseanna sin ionas go gcuideodh siad linn agus sinn i mbun ár dturais ar bhóthar an fheasa.